

Caighdeán Eiticiúla a Chur i bhFeidhm

Réamhrá

Comhlíonann an Oifig Cód Eitice ISSAI 130 agus cleachtas gairmiúil in Éirinn (Caighdeán Eiticiúla ES1 go ES 5). Eascraíonn caighdeán agus ionchais eiticiúla d'fhoireann na hOifige freisin toisc go gcomhlíonann siad mar státseirbhísigh an cód caighdeán agus an reachtaíocht iompair agus eitice is infheidhme (don fhoireann is infheidhme).

Bunaíonn caighdeán eiticiúla go bhfuil prionsabail uileghabhálacha an ionracais, na hoibiachtúlachta agus an neamhspleáchais mar bhonn agus taca leis an bpróiseas iniúcháireachta airgeadais. Ba cheart na prionsabail seo a chur san áireamh agus breithiúnais á ndéanamh ar ábhair eiticiúla.

Tá córais, polasaithe agus cleachtais na hoifige deartha chun a áirithiú go gcomhlíonfar na ceanglais eiticiúla seo.



Fostaíocht iniúcháireachta

Ag tús gach fostaíochta iniúcháireachta, déanann an Stiúrthóir Fostaíochta meastóireacht ar chomhlíonadh na gceanglas eitice ábhartha, lena n-áirítear go bhfuil an neamhspleáchas agus an cumas riachtanach ag an bhfoireann fostaíochta chun an fhostaíocht a dhéanamh.

Le linn na fostaíochta iniúcháireachta, fanann an Stiúrthóir Fostaíochta ar an airdeall, trí bhreathnóireacht agus fiosrúcháin a dhéanamh de réir mar is gá, maidir le fianaise a fháil ar neamhchomhlíonadh bhaill na foirne iniúcháireachta le ceanglais eiticiúla ábhartha. (ISA 220.9)

Ba cheart do gach ball foirne fostaíochta an nós imeachta seo a leanas a chur i bhfeidhm sula gcríochnófar céim phleanála na hiniúcháireachta d'fhonn comhlíonadh na gceanglas eitice a dhearbhu.

Tar éis foireann a shannadh d'iniúcháireacht, ba cheart do gach ball foirne a dhearbhu agus a thaifeadadh ar an gcomhad iniúcháireachta

- go bhfuil siad ar an eolas faoi cheanglais eiticiúla
- go bhfios dóibh nach dtagann aon choinbhleachtaí leasa nó bagairtí eile ar neamhspleáchas chun cinn, nó má thagann siad chun cinn gur chuir siad a mbainisteoir ar an eolas láithreach i scríbhinn faoi chineál na coimhlinte nó na bagairtí a d'fhéadfadh a bheith ann.

Má thagann sé ar aird an Stiúrthóra Fostaíochta tríd an gcóras rialaithe cáilíochta nó má léirítear ar shlí eile nár chomhlíon baill na foirne fostaíochta leis na ceanglais eiticiúla ábhartha, cinneann an Stiúrthóir Fostaíochta i gcomhairle leis an Stiúrthóir Iniúcháireachta an gníomh iomchuí (ISA 220,10). Agus nithe den sórt sin á mbreithniú

- faigheann an Stiúrthóir Fostaíochta faisnéis ábhartha maidir leis na cúinsí agus na caidrimh atá ina mbagairt don neamhspleáchas
- déanann an Stiúrthóir Fostaíochta an fhaisnéis sin a mheas mar aon le beartais agus nósanna imeachta infheidhme na hOifige chun a fháil amach an bhfuil bagairt ann i ndáiríre don neamhspleáchas don fhostaíocht iniúcháireachta

- glacann an Stiúrthóir Fostaíochta bearta iomchuí chun bagairtí den sórt sin a dhíchur nó iad a laghdú go leibhéal inghlactha trí chosaintí a chur i bhfeidhm, nó, má mheastar gur cuí sin, an duine a tharraingt siar ón bhfostaíocht iniúcháireachta. Láimhseáiltear aon sáruithe araíonachta de réir an chóid araíonachta.

Tagann an Stiúrthóir Fostaíochta ar chinneadh maidir le comhlíonadh na gceanglas neamhspleáchais a bhaineann le gach fostaíocht iniúcháireachta.

Ceanglais eiticiúla don fhoireann

Ceanglais Ghinearálta

Leagann ceanglais na nAchtanna um Eitic in Oifigí Poiblí 1995 agus 2001 agus Cód Caighdeán agus Iompair na Státseirbhíse na beartais agus na nósanna imeachta a thabharfaidh aghaidh ar go leor de na bagairtí ar ionracas, oibiachtúlacht, neamhspleáchas agus ar na bagairtí gaolmhara ó chaidrimh, nó soláthróidh siad faisnéis don Stiúrthóir Eitice chun cabhrú leis/léi an ról sin a chomhlíonadh.

Reachtaíocht eitice

Baineann an reachtaíocht um Eitic le bainistíocht iniúcháireachta sinsearach (Stiúrthóirí Fostaíochta agus níos airde) agus le hoifigigh ainmnithe eile (m.sh. bainisteoirí ceannaigh). Éilítear ar dhaoine aonair

- ráitis bhlíantúla i scríbhinn a dhéanamh maidir lena leasanna pearsanta (agus leasanna céile, linbh nó leas-linbh a bhfuil siad ar an eolas ina leith) a d'fhéadfadh tionchar ábhartha a imirt orthu i gcomhlíonadh a ndualgas oifigiúil
- dearbhuithe ad hoc a dhéanamh nuair a d'fhéadfadh coinbhleacht leasa teacht chun cinn go díreach i gcomhlíonadh dualgas oifigiúil idir leas an phobail agus leasanna an duine aonair lena mbaineann nó leasanna daoine bainteacha m.sh. dlúthghaolta nó stiúrthóirí gnó.

Mura gcomhlíontar an reachtaíocht d'fhéadfaí smachtbhannaí a fhorchur i ndáil le cionta faoin Acht (Alt 37).

Cód Caighdeán agus Iompraíochta na Státseirbhíse

Ceanglaíonn Cód Caighdeán agus Iompraíochta na Státseirbhíse

- go gcaithfidh gach ball foirne a bheith neamhchlaonta i gcomhlíonadh a ndualgas (Alt 4)
- go gcaithfidh gach ball foirne rúndacht faisnéise a choinneáil - tá feidhm ag na forálacha maidir le rúndacht faoin reachtaíocht um Rúin Oifigiúla agus um Shaoráil Faisnéise maidir le gach obair iniúcháireachta (Alt 7)
- go gcaithfidh gach ball foirne ardchaighdeán seirbhíse a choinneáil i ngach plé a bhíonn acu leis an bpobal, lena n-áirítear aon phlé le comhlachtaí iniúcháireachta nó le horgáin eile de chuid an Stáit (Alt 8)
- go gcaithfidh gach ball foirne a chinntiú nach mbaineann siad úsáid as a bpoist oifigiúla chun a leasa féin nó dhaoine eile a bhfuil ceangail phearsanta nó ghnó acu leo. Dá réir sin, tá cosc ar bhaill foirne iarracht a dhéanamh tionchar a imirt ar chinntí ar ábhair a bhaineann lena bpoist oifigiúla seachas trí nósanna imeachta bunaithe (Alt 13)
- go gcaithfidh gach ball foirne a chinntiú nach dtéann siad i mbun gnó nó gníomhaíochta seachtraí a bheadh contrártha ar bhealach ar bith le leasanna na hOifige. Ní mór do bhaill foirne an tOifigeach Pearsanra a chur ar an eolas sa chás ina bhfuil sé ar intinn acu a bheith bainteach le haon ghnó nó fostaíocht sheachtrach (Alt 14)
- nár cheart go bhfaigheadh baill foirne sochair de chineál ar bith ó tríú páirtí a d'fhéadfaí a mheas le réasún go gcuirfeadh sé isteach ar a mbreithiúnas pearsanta nó a n-ionracas. Baineann an prionsabal céanna le glacadh fáilteachais. Caithfear gach cúram a ghlacadh chun a chinntiú nach mbeidh tionchar ag aon ghlacadh fáilteachais ar chomhlíonadh feidhmeanna oifigiúla (Alt 16 agus 17), ná nach bhfeictear go mbeidh tionchar dá leithéid ar chomhlíonadh na bhfeidhmeanna sin. Tá beartais bhreise

maidir le bronnánais agus fáilteachas a ghlacadh leagtha amach san alt a dhéileáil le Táillí, Luach Saothair agus Beartais Mheastóireachta, Dlúthocht, Bronnánais agus Fáilteachas (ES4).

- Tá na treoirínte atá leagtha amach maidir le hÍocaíocht as obair thar ceann comhlachtaí seachtracha infheidhme freisin maidir le foireann na hOifige. Níor cheart tabhairt faoi obair den sórt sin gan an tOifigeach Pearsanra a chur ar an eolas. Nuair a iarrtar ar oifigeach cúnamh nó saineolas a sholáthar do chomhlacht seachtrach mar gheall go príomha nó go páirteach ar a (h)eispéireas nó a p(h)ost san Oifig, ansin is cinneadh don Oifigeach Cuntasaíochta é aisiocaíocht na gcostas (lena n-áirítear speansais) leis an Oifig. Ní fhéadfaidh an fhoireann glacadh le haon íocaíochtaí maidir le hobair den sórt sin. (Alt 18)
- nach féidir le baill foirne conarthaí a lorg le Ranna nó Oifigí Rialtais chun earraí nó seirbhísí a sholáthar cibé acu chun a leasa féin nó chun leasa aon chuideachta a bhféadfadh baint a bheith acu leis i gcáil phríobháideach (Alt 19)
- nach nglacfaidh baill foirne ceapachán, nó tionscadal comhairliúcháin ar leith, i gcás ina gcreideann an t-oifigeach lena mbaineann go bhféadfadh coinbhleacht leasa den sórt sin a bheith mar thoradh ar chineál agus téarmaí an cheapacháin sin, nó a cosúlacht sin, gan cead a fháil ar dtús ón mBord um Cheapacháin Sheachtracha nó ón Rúnaí de réir mar is cuí. Ina theannta sin, caithfidh baill foirne a bhfuil poist acu atá ina bpoist ainmnithe chun críocha na nAchtanna um Eitic, laistigh de dhá mhí dhéag ó éirí as oifig nó dul ar scor, cead a fháil ón mBord um Cheapacháin Sheachtracha nó ón Rúnaí, de réir mar is cuí, sula rachaidh siad i mbun aon cheapacháin sheachtraigh (Alt 20 agus 21).

Cinnteadh faireachán na mbearta seo ag an Oifigeach Pearsanra (Stiúrthóir Eitice) nuair a shainaithnítear bagairtí ábhartha ar shláine, oibiachtúlacht agus neamhspleáchas go ndéanfar beart iomchuí.

Iniúcháireachtaí ar conradh

Baineann breithniú agus measúnú bagairtí eiticiúla chomh maith céanna le gnólachtaí a dhéanann obair thar ceann an C&AG. Tá an próiseas soláthair agus conartha deartha chun a chinntiú go ndéantar cumarsáid shoiléir faoi bhagairtí eiticiúla féideartha nó iarbhir agus measann an tAthbheithneoir Rialaithe Cáilíochta Fostaíochta a shanntar do na hiniúcháireachtaí seo nithe den sórt sin.

Caighdeán eiticiúla ghinearálta a chur i bhfeidhm

Seo a leanas na príomhphrionsabail atá cumhdaithe i ndlí an AE¹ chun sláine, oibiachtúlacht agus neamhspleáchas na hiniúcháireachta a chosaint

- Gur cheart don eagraíocht agus don fhoireann iad féin a iompar go macánta agus go hoibiachtúil i ngach gníomhaíocht agus caidreamh gairmiúil agus gnó
- Maidir le gach caidreamh, ba cheart don eagraíocht agus don phearsanra ábhartha uile a chinntiú go bhfuil an eagraíocht agus gach duine saor ó dhálaí agus ó chaidrimh a d'fhágfadh gur dócha go gcreidfeadh tríú páirtí oibiachtúil, réasúnach agus eolasach go bhfuil neamhspleáchas na heagraíochta nó aon duine a bheadh sannta don iniúcháireacht i mbaol.

Clúdóidh na bearta atá leagtha amach i gcód caighdeán agus iompraíochta na státseirbhíse go ginearálta na cásanna seo a leanas

- Ionracas, Oibiachtúlacht agus Neamhspleáchas (tabhair aghaidh ar ghnéithe de ES1)
- Caidrimh Airgeadais, Ghnó, Fostaíochta agus Phearsanta (cuid de ES2).

Tugtar aghaidh ar bheartais agus nósanna imeachta breise i ndáil leis na trí Chaighdeán Eiticiúla eile sna hailt ábhartha thíos lena n-áirítear an fhreagairt ar leibhéal fostaíochta iniúcháireachta chun a chinntiú go gcomhlíontar na riachtanais eiticiúla. Leagtar amach sna hailt seo a leanas freagra na hOifige ar na bagairtí a moladh le gach Caighdeán Eiticiúil.

1 Treoir 2014/56/AE agus Rialachán 537/2014 a bhunaigh ceanglais shonracha maidir leis an iniúcháireacht reachtúil ar ráitis airgeadais bhliantúla agus chomhdhlúite. Cé nach bhfuil an reachtaíocht infheidhme maidir le hiniúcháireachtaí a dhéanann an Oifig, leagtar amach sa reachtaíocht croíphrionsabail a chuirimid i bhfeidhm chun iniúcháireacht a chosaint ar bhagairtí eiticiúla.

Bagairtí ar Oibiachtúlacht agus Neamhspleáchas (ES1) a Aithint agus Freagraí ar na Bagairtí sin

Tugtar freagra ar bhagairtí féideartha ar oibiachtúlacht agus ar neamhspleáchas seachas na bagairtí a dtugtar aghaidh orthu i gcód na státseirbhíse ar leibhéal Oifige nó ar leibhéal fostaíochta iniúchóireachta. Caithfidh bainistíocht fostaíochta a bheith ar an airdeall i gcónaí faoi chúinsí a d'fhéadfadh bagairtí a chruthú. Is féidir na bagairtí seo a aithint trí ghnáth-mhaoirseacht ar obair, trí chomhairliúchán leis an bhfoireann fostaíochta, trí idirghníomhú le comhlachtaí iniúchóireachta agus ón deimhniú i scríbhinn/leictreonach ó gach ball foirne (féach freisin ar an gcuid ar Ag Freagairt ar Bhagairtí Eiticiúla a leagann amach freagraí ginearálta ar bhagairtí eiticiúla). Liostaíonn an tábla seo a leanas bagairtí ar leith a leagtar amach in ES1 agus léirítear ann an fhreagracht fhoriomlán agus an freagra a mholtar ar na bagairtí sin.

Bagairt	Freagracht Iomlán	Aghaidh tugtha trí
Féin Leas	Stiúrthóir Eitice Bainistíocht fostaíochta	- nósanna imeachta leagtha amach thuas - comhlíonadh reachtaíocht eitice agus cód na státseirbhíse - deimhniú ón bhfoireann iniúchóireachta
Féin-athbhreithniú	Bainistíocht fostaíochta / Stiúrthóir Iniúchóireachta Athbhreithneoir EQC	- rothlú rialta foirne - maoirseacht iniúchóireachta agus próiseas athbhreithnithe - rialaithe ar cháilíocht fostaíochta
Bainistíocht agus abhcóideacht	Stiúrthóir Iniúchóireachta	mar bheartas ní dhéanann an Oifig breithiúnais nó cinntí ar freagracht de chuid an chomhlachta iniúchóireachta iad
Eolas	Bainistíocht fostaíochta / Stiúrthóir Iniúchóireachta Stiúrthóir Eitice	- rothlú rialta foirne - maoirseacht iniúchóireachta agus próiseas athbhreithnithe - oiliúint
Imeaglú	Stiúrthóir Iniúchóireachta Stiúrthóir Eitice	- maoirseacht iniúchóireachta agus próiseas athbhreithnithe - oiliúint

Caidrimh Airgeadais, Ghnó, Fostaíochta agus Phearsanta (ES2)

Caidrimh ghnó

Is ionann neamhspleáchas agus saoirse ó dhálaí agus ó chaidrimh a chuirfeadh isteach, i gcomhthéacs fostaíochta, ar shláine nó oibiachtúlacht na heagraíochta nó an iniúchóra. Chuirfí ionracas nó oibiachtúlacht (agus dá bhrí sin neamhspleáchas) i gcontúirt más dóigh go dtiocfadh tríú páirtí oibiachtúil, réasúnach agus eolasach ar an gconclúid go gcuirfeadh na bagairtí, a eascróidh as aon dálaí nó caidrimh atá ann (ag cur san áireamh aon choinbhleachtaí leasa a d'fhéadfadh teacht chun cinn dá mbarr, nó a mheastar go ginearálta a thiocfadh chun cinn dá mbarr agus aird á tabhairt ar aon chosaintí) isteach ar ionracas nó oibiachtúlacht.

Cé nach mbeadh an cineál caidreamh gnó a thuairiscítear in ES2 ag an Oifig, tá caidrimh chustaiméara aici le haonáin áirithe a ndéanann sí iniúchóireacht orthu de bharr gur cuid den státseirbhís í agus go bhfuil státseirbhísigh ann a phléann mar úsáideoirí seirbhíse poiblí leis na heintitis sin. Cuirtear na beartais agus na nósanna imeachta seo a leanas i bhfeidhm chun aghaidh a thabhairt ar bhagairtí, lena n-áirítear bagairtí a bhraitear:

- Ar leibhéal na heagraíochta, ní shanntar stiúrthóirí fostaíochta a bhfuil caidreamh bainistíochta gnó acu (m.sh. earcaíocht) le soláthraí seirbhíse (e.g. Seirbhís um Cheapacháin Phoiblí) do na hiniúchóireachtaí sin. Déanann an Rúnaí agus an Stiúrthóir Eitice athbhreithniú ar cheapacháin shinsearachta chun coinbhleachtaí féideartha mar gheall ar chaidrimh ghnó den sórt sin a sheachaint.

- Ina theannta sin, déantar iniúchóireachtaí ar aonáin atá ina soláthraithe seirbhíse don Oifig faoi *ECQR*¹. Má tá aon soláthraithe seirbhíse nó údaráis rialála lasmuigh den liosta seo a bhí nó atá i dteagmháil leis an Oifig maidir le hábhar, ansin is é an Rúnaí agus an Stiúrthóir Eitice an rogha is fearr le breithniú cibé an bhfuil gá le *ECQR* chun freagairt d’aon choimhlintí a bhraitear.
- Maidir le fostaithe, tá feidhm ag cód iompraíochta na státseirbhíse agus tá freagracht phearsanta ar gach ball foirne cásanna a sheachaint a d’fhéadfadh teacht salach ar a ndualgais oifigiúla nó a mheastar a bheith contrártha lena ndualgais oifigiúla nó a sláine agus a neamhspleáchas a chur i mbaol. Ba cheart dóibh a mbainisteoir nó an Stiúrthóir Eitice a athrú má thagann coimhlint ionchasach nó iarbhrí chun cinn.

Foireann ar iasacht

Ó am go ham, féadfar baill foirne a thabhairt ar iasacht chuig comhlacht eile a ndéanann an C&AG iniúchóireacht air. Sula dtarlaíonn iasachtaí den sórt sin, measann an Stiúrthóir Eitice, i gcomhairle leis an Stiúrthóir Fostaíochtaí, na bagairtí féideartha agus na cosaintí atá le cur i bhfeidhm. Ba cheart an fhreagracht as na cosaintí a chur i bhfeidhm a chomhaontú agus a chur in iúl de réir mar is cuí.

I gcás gur tugadh ball foirne ar iasacht d’fheidhm ghinearálta laistigh de chomhlacht iniúchóireachta, ní shannfar an duine aonair nuair a fhillfidh sé / sí ar iniúchóireacht an chomhlachta sin ar feadh tréimhse dhá bhliain.

Ag dul isteach in eintiteas iniúchóireachta

Nuair a dhéantar teagmháil le ball foirne nó má dhéanann sé teagmháil chun dul isteach i gcomhlacht arna iniúchadh ag an C&AG (trí aistriú, iomaíocht oscailte, srl.), nó in eintiteas arna rialú ag comhlacht den sórt sin, a bhfuil siad sannta dó nó a raibh siad sannta dó sa dá bhliain roimhe sin caithfidh siad fógra a thabhairt don Stiúrthóir Eitice. Déantar an gníomh pras seo a leanas

- Téann an Stiúrthóir Eitice i gcomhairle leis an Stiúrthóir Fostaíochta agus tugtar aird ar cibé an bhféadfadh bagairtí ar bith maidir le hoibiachtúlacht nó le neamhspleáchas a bheith ann. Más amhlaidh an cás, déantar beart iomchuí amhail athshannadh an duine aonair.
- Déanann an Stiúrthóir Fostaíochta (nó an Bainisteoir Fostaíochta arna t(h)armligeán aige nó aici) athbhreithniú ar na comhaid iniúchóireachta ábhartha maidir le haon chinntí nó breithiúnais shuntasacha a rinne an duine aonair a d’fhéadfadh a bheith ina bhagairt ar oibiachtúlacht nó neamhspleáchas an iniúchóireachta.

Obair roimhe seo d’eintiteas iniúchta

Sainnithneoidh an Stiúrthóir Eitice aon iontrálaí nua a d’oibrigh roimhe seo i gcomhlacht iniúchta (ina ról mar Oifigeach Pearsanra). Mar bheartas, ní shannfar an duine don iniúchóireacht sin ar feadh tréimhse dhá bhliain ina bhféadfadh sannadh den sórt sin dul i bhfeidhm ar a neamhspleáchas (m.sh. baint ag an duine aonair le cinntí a dhéanamh ar ábhair airgeadais).

Ball teaghlaigh fostaithe ag eintiteas iniúchta

Caithfidh baill na foirne iniúchóireachta (mar chuid dá ndeimhniú ar chomhlíonadh ar chaighdeán eiticiúla - féach ar Ag Freagairt ar Bhagairtí Eiticiúla) aon chásanna a thuairisciú ina dtagann siad ar an eolas go bhfuil garghaol dóibh fostaithe ag comhlacht iniúchóireachta a d’fhéadfadh tionchar a imirt ar na taifid chuntasaíochta nó ar na ráitis airgeadais. Baineann an nós imeachta céanna le bainistíocht fostaíochta i ndáil le ‘daoine nasctha’ mar a shainmhínítear faoin reachtaíocht um Eitic.

Nuair a thuairiscítear ábhair den sórt sin, déanann an Stiúrthóir Fostaíochta bagairtí ábhartha don iniúchóireacht a mheas agus a bhreithniú agus glacann sé bearta iomchuí (e.g. athshannadh an duine aonair).

¹ Faoi láthair tá 5 iniúchóireacht den sórt sin - *NSSO*, *OGCIO*, *OGP*, *OPW* agus *PAS*. Féadfaidh an *CSSO* seirbhísí a sholáthar freisin ach tá siad seo eisceachtúil.

Comhlachas Fada le Fostaíochtaí Iniúchóireachta (ES3)

D'fhonn aghaidh a thabhairt ar bhagairtí ar eolas ón gcomhlachas fada foirne le hiniúchóireacht agus chun pleanáil chomharbais leordhóthanach a chinntiú, déantar rothlú na foirne a mheas go bliantúil (i.e. ba cheart an fhoireann a rothlú go rialta lena chinntiú go bhfuil taithí acu féin agus ag an Oifig ar na stiúrthóireachtaí iniúchóireachta airgeadais éagsúla agus laistigh de stiúrthóireachtaí). Taifeadann córas faisnéise na hOifige faisnéis faoi shanntaí ball foirne d'iniúchóireachtaí ar leith agus laistigh de rannáin éagsúla na hOifige araon.

Go ginearálta, féachann an Oifig lena chinntiú nach mbíonn baint leanúnach ag baill foirne iniúchóireachta ar feadh níos mó ná an t-am luaite

- seacht mbliana i gcás Stiúrthóirí Iniúchóireachta
- cúig bliana do Stiúrthóirí agus Bainisteoirí Fostaíochta
- ceithre bliana maidir le baill foirne fostaíochta eile.

Ullmhaíonn an Stiúrthóir Eitice tuarascáil gach bliain ag imlíniú na mball foirne iniúchóireachta a bhí nó atá ag druidim leis na teorainneacha ama atá leagtha amach thuas. Déanann an Bord Iniúchóireachta, an Stiúrthóir Iniúchóireachta nó Stiúrthóirí Fostaíochta (cibé cé acu) an tuarascáil a mheas agus déantar aon bhagairtí iarmhartacha a eascraíonn as easpa uainíochta nó comhlachais fhada le hiniúchóireachtaí agus bearta a chuirtear i bhfeidhm chun aon riosca do neamhspleáchas a sheachaint a dhoiciméadú agus a chur i ngníomh.

Táillí, Polasaithe Luach Saothair agus Meastóireachta, Dlíthíocht, Bronntanais agus Fáilteachas (ES4)

Tá iniúchóireachtaí bunaithe go reachtúil agus ní ghearrtar táillí seachas ar bhonn a comhaontaítear leis an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe. Dá bhrí sin, níl bagairtí ar neamhspleáchas maidir le táillí iniúchóireachta, luach saothair agus dlíthíocht infheidhmithe i gcás na hOifige.

Baineann an beartas agus na nósanna imeachta seo a leanas de bhun alt 16 de Chód Caighdeán agus Iompraíochta na Státseirbhíse le bronntanais agus fáilteachas

- Ní ghlacfaidh ball foirne leanúnach le bronntanas ar bith ó chomhlacht iniúchóireachta
- Nuair is mian le cliant ranníocaíocht a dhéanamh nó bronntanas a thabhairt do dhuine aonair (m.sh. ar scor nó ar éirí as d'oifigeach) caithfear cead an Oifigigh Phearsanra a fháil
- Ba cheart fáilteachas arna íoc ag cliant a sheachaint. D'fhéadfadh go mbeadh imthosca eisceachtúla ann nuair a d'fhéadfadh sé eascairt as obair a ghabhann leis an bhfostaíocht, mar shampla nuair a thugann baill foirne bronntanais ag imeachtaí a bhaineann leis an obair. Agus iad ag glacadh le fáilteachas ó chliant, ní mór don fhoireann a bheith feasach i gcónaí faoin damáiste a d'fhéadfadh a bheith ann do cháil na hOifige agus na bagairtí ar oibiachtúlacht agus neamhspleáchas iniúchóireachta i bhfianaise nádúr, mhinicíocht agus chostais mheasta an fháilteachais. Sa chás go nglactar le fáilteachas den sórt sin ba chóir é a thuairisciú go pras don Bhainisteoir nó Stiúrthóir Fostaíochta.

Seirbhísí Neamh-iniúchóireachta a Soláthraítear do Chliant Iniúchóireachta (ES5)

De ghnáth ní sholáthraíonn an Oifig aon cheann de na seirbhísí atá liostaithe in ES5. Mar sin féin, toisc go bhfuil dlúthbhaint ag cuid de na seirbhísí a thuairiscítear le hobair iniúchóireachta, féadfar a iarraidh ar an Oifig ó am go chéile dearbhú a thabhairt seachas tríd an bpróiseas iniúchóireachta i ndáil le ceann amháin nó níos mó de na cásanna a liostaítear (m.sh. deimhniú d'iarmhéideanna nó deontais ag roinn rialtais nó rialtóir a iarraidh).

Sna cásanna sin, is dóigh go mbeidh na bagairtí ar neamhspleáchas neamhsuntasach agus ní bheadh cosaintí ag teastáil. Ba cheart don Stiúrthóir Iniúchóireachta athbhreithniú a dhéanamh ar chineál na seirbhísí atá le soláthar agus a chinntiú go gcinntítear go dtarlaíonn cumarsáid chuí leis an gcomhlacht iniúchóireachta agus / nó leis an iarratasóir.

Ag freagairt bagairtí eiticiúla

Bunaithe ar bhagairtí féideartha a shainithnítear trí na próisis dá dtagraítear thuas ba cheart don Stiúrthóir Eitice taifead lárnach de bhagairtí ar neamhspleáchas a choinneáil. Cuirfidh sé seo ar chumas an Stiúrthóra Eitice breithniú an bhfuil rioscaí sistéamacha ag teacht chun cinn agus cuideoidh sé freisin lena thuarascáil bhliantúil ar ábhair eiticiúla a ullmhú. Ba cheart go n-áireofaí sa taifead seo freisin cásanna inar aithníodh bagairtí ar neamhspleáchas go lárnach, nó ina bhféadfadh bagairtí a bheith tagtha chun cinn nó cásanna artarchuradh iad go lárnach le haghaidh treorach agus rialaithe ag bainistíocht líne.

Sa chás go dtagann bagairtí eiticiúla chun cinn tá roinnt beart is féidir leis an mbainistíocht iniúchóireachta a dhéanamh mar fhreagairt. Chomh maith leis na freagraí sonracha a leagtar amach sna hailt thuas, is féidir roinnt freagraí bainistíochta a ghlacadh, mar shampla

- tuairisciú don Stiúrthóir Eitice agus dul i gcomhairle leis
- ag méadú na hiarrachta maoirseachta ar an iniúchóireacht
- pearsanra le níos mó taithí a shannadh don iniúchóireacht nó do na réimsí criticiúla laistigh den iniúchóireacht
- ag smaoineamh ar cheart tabhairt faoi ECQR don fhostaíocht shonrach
- de réir nósanna imeachta eile na hOifige (m.sh. nochtheadh scéil inmheánach), féadfaidh an Stiúrthóir Eitice nó bainisteoir sinsearach oiriúnach eile socrú a dhéanamh chun imní nó gearán a imscrúdú
- riachtanais oiliúna a aithint agus iad a eagrú.